



**Comhairle Chontae na Gaillimhe**  
**Galway County Council**

---

**NA FODHLÍTHE UM CHARRCHLÓIS AN  
CHLOIGINN, 2016**

---

## Comhairle Chontae na Gaillimhe

### NA FODHLÍTHE UM CHARRCHLÓIS AN CHLOIGINN, 2016

Déanann **COMHAIRLE CHONTAE NA GAILLIMHE** (dá ngairtear “an Chomhairle” anseo ina dhiaidh seo), i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dóibh le hAlt 101 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961 (Uimh. 24 de 1961) arna leasú le hAlt 6 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968 (Uimh. 25 de 1968) agus le hAlt 49 den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1994 (Uimh. 7 de 1994), na fodhlíthe seo a leanas leis seo:-

#### CUID 1: RÉAMHRÁITEACH

##### **Gearrtheideal**

1. Fodhlíthe Chomhairle Chontae na Gaillimhe um Carrchlóis an Chloiginn, 2016 a thabharfar ar na Fodhlíthe seo.

##### **Limistéar Feidhme**

2. Tá feidhm ag na Fodhlíthe seo maidir le carrchlóis arna soláthar ag an gComhairle mar a shonraítear anseo thíos:
  - i. Carrchlós an Chloiginn, an Cloigeann, Co. na Gaillimhe
  - ii. Carrchlós Cheann na Cé, an Cloigeann, Co. na Gaillimhe

##### **Tosach Feidhme**

3. Tiocfaidh na fodhlíthe seo i ngníomh an 27ú lá de Mheitheamh 2016.

##### **Léiriú**

4. Sna Fodhlíthe seo:

ciallaíonn **“gníomhaire de chuid na Comhairle”** aon duine atá fostaithe ag an gComhairle nó aon duine eile a bheidh údaraithe ag an gComhairle chun feidhmeanna a chomhlíonadh faoi na Fodhlíthe seo.

tá le **“duine údaraithe”** an bhrí a shanntar dó le hAlt 103(8) (a cuireadh isteach leis an Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1968) (Uimh. 25 de 1968) den Acht um Thrácht ar Bhóithre, 1961.

ciallaíonn **“carrchlós”** na carrchlóis dá dtagraítear ag 2 thuas.

ciallaíonn **“comhairle”** Comhairle Chontae na Gaillimhe

ciallaíonn **“bá páirceála ainmnithe”** bána páirceála arna n-aithint de thuras na huaire mar bhánna chun feithiclí a pháirceáil i gCarrchlós an Chloiginn, ag daoine ar sealbhóirí iad ar chead páirceála bailí do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne.

ciallaíonn **“bá páirceála do dhuine faoi mhíchumas”** spás atá beartaithe chun feithicil inneallghluaiste a pháirceáil ina bhfuil cead páirceála bailí duine faoi mhíchumas ar taispeáint;

ciallaíonn **“cead páirceála duine faoi mhíchumas”** cead páirceála do dhuine atá faoi mhíchumas arna eisiúint faoi Airteagal 43 de Rialachán 1997.

ciallaíonn **“fógra faisnéise”** fógra faisnéise a ghabhann le comhartha tráchta ar a léirítear an tréimhse ar lena linn is gá ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin a bheith ar taispeáint agus an tréimhse uasta páirceála, más ann.

ciallaíonn **“údarás áitiúil”** Comhairle Chontae na Gaillimhe.

ciallaíonn **“gnáthfhostaíocht”** seirbhís lánaimseartha ar feadh 183 lá ar a laghad in aghaidh na bliana.

ciallaíonn **“gnátháit chónaithe”** an t-aonad teaghaise cónaithe ina bhfuil cónaí ar dhuine agus ina maireann sé nó sí thar oíche níos mó ná 183 lá in aghaidh na bliana.

ciallaíonn **“uaireanta oibríochta”** an lá ar fad gach uile lá, i.e. Luan go Domhnach, gach lá san áireamh.

ciallaíonn **“úinéir”** duine atá ainmnithe ar dheimhniú ceadúnúcháin na feithicle nó ar logleabhar na feithicle.

ciallaíonn **“bá páirceála”** spás i gcarrchlós atá beartaithe chun feithicle inneallghluaiste amháin a pháirceáil nó, i gcás go bhfuil an spás beartaithe chun gluaisrothair a pháirceáil, nó níos mó ná feithicil amháin den sórt sin a pháirceáil, agus a mbeidh léirithe amhlaidh trí mharcálacha nó fógraí dromchla nó eile.

ciallaíonn **“carrchlós íoc agus taispeáin”** carrchlós ina bhfuil páirceáil feithiclí faoi réir ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin nó cead páirceála bailí a bheith ar taispeáint, de réir na bhFodhlíthe seo agus atá léirithe le fógra faisnéise.

ciallaíonn **“meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin”** meaisín atá in ann ticéad páirceála íoc agus taispeáin a chur ar fáil go huathoibríoch nuair a íoctar an táille páirceála chuí a fhorordaítear leis na Fodhlíthe seo.

ciallaíonn **“úsáid rialta”** an Phríomhché i gCuan an Chloiginn a úsáid mar bhunáit le haghaidh soithigh ar feadh níos mó ná 270 lá in aghaidh na bliana.

ciallaíonn **“Rialacháin 1997”** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Trácht agus Locadh), 1997 (I.R. Uimh. 182 de 1997).

ciallaíonn **“Rialacháin 1997 maidir le Comharthaí”** na Rialacháin um Thrácht ar Bhóithre (Comharthaí), 1997 (I.R. Uimh. 181 de 1997).

tá le **“maor tráchta”** an bhrí a shanntar dó le hAlt 2(3) den Acht um Údaráis Áitiúla (Maoir Thráchta), 1975 (Uimh. 14 de 1975);

ciallaíonn **“cead páirceála bailí duine faoi mhíchumas”** cead páirceála den sórt sin nach bhfuil imithe in éag.

ciallaíonn **“cead páirceála bailí do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne”** cead páirceála arna eisiúint ag an gComhairle chuig úinéir feithicle a bhfuil a ghnátháit nó a gnátháit cónaithe suite ar Inis Bó Finne.

ciallaíonn **“cead páirceála bailí d’úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn”** cead páirceála arna eisiúint ag an gComhairle chuig úinéir feithicle arb é an ghnáthfhostaíocht atá aige nó aici fónamh ar shoithí a bhaineann úsáid rialta as príomhché Chuan an Chloiginn.

ciallaíonn **“ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin”** ticéad páirceála íoc agus taispeáin a d’eisigh an Chomhairle trí mheaisín íoc agus taispeáin ar a léirítear am, dáta agus bliain eisithe an ticéid agus an t-am ag a scoireann sé de bheith bailí agus nach bhfuil imithe in éag.

ciallaíonn **“feithicil”** feithicil inneallghluaiste ina bhfuil áit suí le haghaidh ochtar paisinéirí ar a mhéad.

ciallaíonn **“soitheach”** ártach uisce de gach tuairisc nó gléas saorga eile a úsáidtear, nó ar féidir é a úsáid, mar mhodh iompair ar uisce agus folaíonn sé na nithe seo a leanas:

- (b) soitheach do phaisinéirí, a bhfuil úsáid rialta á baint as, a ghabhann do phaisinéirí a iompar ar farraige,
- (c) soitheach lastais, a bhfuil úsáid rialta á baint as, a ghabhann d’earraí nó do mharsantas a iompar ar farraige,
- (d) soitheach iascaireachta, a bhfuil úsáid rialta á baint as, a ghabhann d’iascaireacht mara, agus folaíonn sé aon soitheach nó bád a úsáidtear chun cóireáil a chur ar éisc nó chun éisc a iompar,
- (e) aon soitheach nó bád a úsáidtear le haghaidh iascaireacht áineasa nó chun gníomhaireachtaí áineasa a éascú.

## **CUID 2: GINEARÁLTA**

5. Is cion é feithicil a pháirceáil i gcarrchlós lena mbaineann na Fodhlíthe seo seachas i gcomhréir leis na Fodhlíthe seo.
6. Ní ceadmhach do dhuine carrchlós a úsáid chun aon chríche seachas chun feithicil inneallghluaiste a pháirceáil ach amháin le ceadú roimh ré i scríbhinn ón gComhairle.
7. Toirmiscear busanna agus cóistí ina bhfuil áit suí le haghaidh líon is mó ná ochtar paisinéirí a pháirceáil i gCarrchlóis an Chloiginn.
8. Ní ceadmhach feithicil a thiomáint laistigh de Charrchlóis an Chloiginn ar luas is mó ná 15 chiliméadar in aghaidh na huairé.
9. Ní ceadmhach feithicil a thiomáint i gCarrchlóis an Chloiginn in aghaidh shreabhadh an tráchta sa charrchlós a bheidh léirithe le marcálacha nó fógraí ar an talamh nó eile.

### **Coinníollacha a ghabhann le páirceáil i gCarrchlóis an Chloiginn**

10. Ní ceadmhach feithicil a pháirceáil i gCarrchlóis an Chloiginn ach amháin go hiomlán laistigh de bhá páirceála. Measfar gur cion é páirceáil ar shlí seachas an tslí sin agus d'fhéadfadh ionchúiseamh a bheith ann mar thoradh air.
11. Ní ceadmhach do dhuine feithicil a pháirceáil, nó a chur faoi deara feithicil a pháirceáil, i gCarrchlóis an Chloiginn i riocht nó in imthosca de shórt a d'fhágfadh go mbeadh sí ina cúis, nó gur dóigh di a bheith ina cúis, le baol do dhaoine eile a úsáideann an carrchlós nó le bac a chur ar an mbealach isteach sa charrchlós nó ar an mbealach amach as nó le bac a chur ar shaorshreabhadh an tráchta laistigh den charrchlós.
12. Ní ceadmhach do dhuine olldeisiú nó deisiúcháin a dhéanamh ar fheithicil le linn di a bheith páirceáilte i gCarrchlóis an Chloiginn seachas i gcás go bhfuil sé riachtanach chun gur féidir an fheithicil a thabhairt amach as an gcarrchlós.
13. Le linn d'fheithicil a bheith páirceáilte i gCarrchlóis an Chloiginn, ní ceadmhach feithicil a úsáid chun earraí, ticéid nó aon seirbhís a dhíol san fheithicil nó ón bhfeithicil ná mar oifig, ná ní ceadmhach aon fheithicil den sórt sin a thairiscint nó a thaispeáint lena díol nó lena fruiliú nó mar dhuais.
14. Ní ceadmhach do dhuine aon torann a dhéanamh nach gá le feithicil atá páirceáilte i gCarrchlóis an Chloiginn nó i ndáil le feithicil den sórt sin nó le haon trealamh, feiste nó uirlisí atá feistithe den fheithicil nó a iompraítear ar an bhfeithicil nó le haon challaire nó raidió atá san fheithicil nó atá bainteach leis an bhfeithicil ar shlí ar bith.

15. Ní ceadmhach do dhuine aon bhuidéal, gloine bhriste, tairne, bruscar nó substaint eile a chaitheamh, a chur nó a fhágáil ar Charrchlóis an Chloiginn nó i gCarrchlóis an Chloiginn, agus ní ceadmhach do dhuine aon chluiche peile nó eile a imirt sna carrchlóis sin aon tráth.

## **Comhoibriú le foireann agus gníomhairí de chuid na Comhairle agus leis na Gardaí**

16. Déanfaidh duine, ar éileamh ó ghníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle nó ó chomhalta den Gharda Síochána, a ainm nó a hainm agus a sheoladh nó a seoladh a thabhairt dó nó di agus ní dhéanfaidh duine, i gCarrchlóis an Chloiginn, aon ghníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána a chomhrac ná bac a chur air nó uirthi ná ní chabhróidh sé nó sí ná ní spreagfaidh sé nó sí aon duine chun aon ghníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána a chomhrac ná bac a chur air nó uirthi le linn dó nó di a dhualgas nó a dualgas a fhorghníomhú nó le linn dó nó di a údarás nó a húdarás a fheidmiú go dlíthiúil.
17. Déanfaidh gach duine a úsáidfidh Carrchlóis an Chloiginn de réir aon ordachán dlíthiúil a thabharfaidh gníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána.
18. I gcás go n-iarrfaidh gníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle nó comhalta den Gharda Síochána ar dhuine Carrchlós de chuid an Chloiginn a fhágáil, déanfaidh an duine de réir na hiarrata.
19. Déanfaidh gníomhaire, oifigeach nó fostaí de chuid na Comhairle, má iarrtar amhlaidh air nó uirthi, fianaise ar a chéannacht nó a céannacht agus ar a fhostaíocht nó a fostaíocht ag an gComhairle a thabhairt ar aird d'aon duine a líomhnaíonn sé nó sí go bhfuil sárú ar na Fodhlíthe seo á dhéanamh aige nó aici nó ar iarradh air nó uirthi Carrchlós de chuid an Chloiginn a fhágáil faoi na Fodhlíthe seo.

## **Páirceáil i gCarrchlóis an Chloiginn a Fhionraí**

20.

- (a) Féadfaidh an Chomhairle nó a cuid gníomhairí oibriú Carrchlóis an Chloiginn a fhionraí. Beidh an fhionraí faoi réir aon choinníollacha, a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn, lena n-áirítear táille/táillí a íoc ag an duine a iarrann an fhionraí.
- (b) Féadfar fionraí páirceála i gCarrchlóis an Chloiginn a léiriú trí chomhartha nó feiste eile a chur ann a léiríonn go soiléir go bhfuil sé gan oibriú nó tríd an meaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin a thabhairt chun siúil go sealadach agus comhartha a chur suas á léiriú go bhfuil toirmeasc ar fheithiclí a pháirceáil sa charrchlós.
- (c) Is cion é sárú a dhéanamh ar choinníoll a shonróidh an Chomhairle i scríbhinn le linn páirceáil i gCarrchlóis an Chloiginn a bheith ar fionraí. I gcás go bpáirceálfar feithiclí de



shárú ar na coinníollacha sin, measfar go bhfuil siad páirceáilte go neamhdhleathach chun críocha na nAchtanna um Thrácht ar Bhóithre agus aon Rialacháin arna ndéanamh fúthu.

## **Bá Páirceála Duine faoi Mhíchumas**

21. Ní ceadmhach do dhuine feithicil a pháirceáil i mBá Páirceála Duine faoi Mhíchumas gan Cead Páirceála Bailí Duine faoi Mhíchumas a bheith ar taispeáint inti.

## **Cead Páirceála Duine faoi Mhíchumas**

22. I gcás go sealbhaíonn duine faoi mhíchumas “cead páirceála duine faoi mhíchumas” arna eisiúint faoi Airteagal 43 de Rialacháin 1997, ní bheidh feidhm ag Fodhlí 23 de na Fodhlíthe seo maidir le feithicil shonraithe atá páirceáilte chun caoithiúlachta an duine dár deonaíodh an cead sin. Beidh cead páirceála bailí duine faoi mhíchumas ar taispeáint laistigh den feithicil ar eisíodh é ina leith ar shlí a fhágfaidh gur féidir é a léamh ón taobh amuigh den feithicil.

## **CUID 3: CÓRAS PÁIRCEÁLA (ÍOC AGUS TAISPEÁIN)**

### **Oibleagáid Ticéad Bailí Íoc agus Taispeáin a chur ar taispeáint i gCarrchlós de chuid an Chloiginn**

23. I gcás go bhfuil feithicil páirceáilte i gcarrchlós de chuid an Chloiginn le linn uaireanta oibríochta, beidh na nithe seo a leanas ar taispeáint de réir na bhforálacha a leagtar amach sna Fodhlíthe seo:

**“ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin”** ar an tslí seo a leanas:

- i. beidh **ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin** arna eisiúint i leith na feithicil ar taispeáint amhlaidh laistigh den feithicil, ar an deais nó ar an bhfuinneog is gaire don chosán ionas gur féidir le duine atá lasmuigh den feithicil a fháil amach, faoi threoir an ticéid páirceála íoc agus taispeáin, cathain a scoireann an ticéad páirceála íoc agus taispeáin de bheith bailí.
- ii beidh **ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin** ar taispeáint de réir Fhodhlí 23 fad a bheidh an feithicil páirceáilte i gcarrchlós an Chloiginn.

### **Cur isteach ar Mheaisín Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin agus/nó ar Thicéad Páirceála Íoc agus Taispeáin**

24.

- (a) I gcás go bhfuil feithicil páirceála i gcarchlós de chuid an Chloiginn i gcomhréir leis na Fodhlíthe seo, ní ceadmhach do dhuine cur isteach ar thicéad páirceála íoc agus taispeáin atá ar taispeáint san fheithicil.
- (b) Ní ceadmhach do dhuine damáiste a dhéanamh do mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.
- (c) Ní ceadmhach do dhuine nach gníomhaire de chuid an Údaráis Áitiúil, comhalta den Gharda Síochána faoi éide, duine údaraithe ná maor tráchta cur isteach ar mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.

### **Modh Íoctha Táillí Páirceála**

25. (a) Ceannófar ticéad páirceála íoc agus taispeáin ó mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin.
- (b) Beidh an táille ar an ticéad páirceála íoc agus taispeáin iníoctha trí aon teaghlaim de bhoinn airgid bhailí nó trí chárta íocaíochta.
  - (b) Déanfar íocaíocht ar mhodh airgead tirim tríd an méid cuí a chur isteach, le haghaidh na tréimhse páirceála a bheidh ag teastáil, sa mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin d'fhonn ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin a fháil.
  - (c) Déanfar íocaíocht trí chárta íocaíochta tríd an gcárta íocaíochta a chur isteach sa mheaisín ticéad páirceála íoc agus taispeáin agus trí na treoracha a bheidh ann a leanúint chun ticéad páirceála bailí íoc agus taispeáin a fháil.

26. Is mar atá leagtha amach anseo thíos a bheidh an táille le haghaidh ticéad páirceála íoc agus taispeáin;

- **Ticéad páirceála íoc agus taispeáin - €1 in aghaidh na huairé idir 9.30 am agus 6.30 pm gach lá**
- **€5 ar an gcéad lá (24 huairé an chloig)**
- **€10 ar suas le 3 lá**
- **€15 ar suas le 5 lá**
- **€20 ar suas le 7 lá**
- **€3 in aghaidh an lae ó lá 8 ar aghaidh.**

### **CUID 4 – CEADANNA PÁIRCEÁLA**

**Cead Páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne chun páirceáil i mBánna Páirceála Ainmnithe laistigh de Charrchlós an Chloiginn.**

**An táille ar Chead Páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne agus é a eisiúint**

27. Is é €10 an táille le haghaidh cead páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne.



28. Féadfar cead páirceála amháin do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne a eisiúint i leith feithicil amháin in aghaidh an teaghlaigh ar Inis Bó Finne agus beidh sé bailí ar feadh tréimhse bliana ón dáta eisiúna.

### **Cead Páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne a chur ar taispeánt agus na sonraí maidir leis**

29. Beidh cead páirceála bailí do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne ar taispeánt laistigh den fheithicil ar ina leith a eisíodh é ar shlí a fhágfaidh gur féidir é a léamh ón taobh amuigh den fheithicil. Beidh na sonraí seo a leanas ann:

- (a) ainm na Comhairle,
- (b) uimhir cláraithe na feithicle ar ina leith a eisítear é,
- (c) an dáta éagtha,
- (d) an carrchlós lena mbaineann sé

### **Cead chun feithicil ina bhfuil Cead Páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne ar taispeánt a pháirceáil**

30. Má thaispeántar cead páirceála bailí do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne de réir Fhodhlí Uimhir 29, ceadófar leis sin an fheithicil a pháirceáil gan teorainn ama a bheith leis, i mbánna páirceála ainmnithe, laistigh de Charrchlós an Chloiginn.

### **Cead Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn chun páirceáil i gCarrchlós Cheann na Cé, an Cloigeann**

**An táille ar Chead Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn agus é a eisiúint**

31. Is é €10 an táille le haghaidh Cead Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn.

32. Déanfar Ceadanna Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn a eisiúint i leith úinéirí feithicle atá fostaithe ar feadh níos mó ná 183 lá in aghaidh na bliana ar shoitheach a úsáideann an Phríomhché ar an gCloigeann mar a bhunáit ar feadh níos mó ná 270 lá in aghaidh na bliana.

Beidh an líon foriomlán Ceadanna Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn teoranta do 14.

Beidh Ceadanna Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn bailí ar feadh tréimhse bliana ón dáta eisiúna.

## **Cead páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn a chur ar taispeánt agus na sonraí maidir leis**

33. Beidh cead páirceála bailí d'úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn ar taispeánt laistigh den fheithicil ar ina leith a eisíodh é ar shlí a fhágfaidh gur féidir é a léamh ón taobh amuigh den fheithicil. Beidh na sonraí seo a leanas ann:

- (a) ainm na Comhairle,
- (b) uimhir cláraithe na feithicle ar ina leith a eisítear é,
- (c) an dáta éagtha,
- (d) an carrchlós lena mbaineann sé

## **Cead chun feithicil ina bhfuil Cead Páirceála d'Úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn ar taispeánt a pháirceáil**

34. Má thaispeántar cead páirceála bailí d'úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn de réir Fhodhlí Uimhir 33, ceadófar leis sin an fheithicil a pháirceáil ar feadh tréimhse uasta 24 huairé an chloig laistigh d'aon tréimhse 48 n-uairé an chloig, laistigh de Charrchlós Cheann na Cé, an Cloigeann.

### **Ceadanna Páirceála a Thabhairt ar Ais agus a Aistriú**

35. (i) Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann cead páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne, go scoirfidh an cónaitheoir a mbeidh sé eisithe chuige nó chuici de bheith ina chónaí nó ina cónaí ag an seoladh a bheidh sonraithe ar an gcead nó go scoirfidh sé nó sí de bheith ina úinéir nó ina húinéir ar an bhfeithicil, tríd an bhfeithicil lena mbaineann an cead a dhiúscairt, scoirfidh an cead ansin de bheith bailí agus tabharfar ar ais é do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá cead páirceála do chónaitheoir de chuid Inis Bó Finne neamhinaistrithe.


(ii) Más rud é, le linn na tréimhse lena mbaineann cead d'úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn, go scoirfidh úsáideoir an chuain a mbeidh sé eisithe chuige nó chuici de bheith ina úsáideoir cuain nó ina húsáideoir cuain nó go scoirfidh sé nó sí de bheith ina úinéir nó ina húinéir ar an bhfeithicil, tríd an bhfeithicil lena mbaineann an cead a dhiúscairt, scoirfidh an cead ansin de bheith bailí agus tabharfar ar ais é do Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá cead páirceála d'úsáideoir de chuid Chuan an Chloiginn neamhinaistrithe.

36. In aon ionchúiseamh mar gheall ar chion faoi na Fodhlíthe seo, toimhdeofar, go dtí go suífidh an Cosantóir a mhalairt, go ndearnadh Meaisín Ticéad Páirceála Íoc agus Taispeáin a mbeifear ag brath air in ionchúiseamh den sórt sin a chur go cuí ann faoi na Fodhlíthe seo agus go raibh sé cruinn agus ag feidhmiú i gceart agus go cuí.

**Arna nDéanamh agus arna nGlacadh faoi Ghnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe**

**ARNA nDÁTÚ AN 23ú LÁ SEO DE BHEALTAINÉ 2016**

**I láthair nuair a greamaíodh Gnáthshéala Chomhairle Chontae na Gaillimhe de seo:**

  
\_\_\_\_\_  
**Comhairleoir Peter Roche**

**CATHAOIRLEACH CHONTAE NA GAILLIMHE**